


## Gníomhaíocht Daltaí: Patrún caiteachais a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Muicín', ar CD an Dalta.




1.

- a. Bhí €40 ag Seona sa mhuicín lá agus chaith sí €4 gach lá ina dhiaidh sin. Lión isteach an tábla seo:

Lá	An t-airgead atá fágtha sa Mhuicín
0	40
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	

- b. Léirigh an fhaisnéis ón tábla in **a** ar an ngraf thíos. Is é lá 0 tús na míosa.



- c. Céard a tharlóidh i ndiaidh lá 10 mura mbíonn foinse eile ioncaim ag Seona?
- 
- d. Cén fáth a n-úsáidtear poncanna seachas líne leanúnach chun na sonraí a léiriú sa chomhad idirghníomhach?
- 
- e. An bhfuil ráta athraithe an ghraif seo deimhneach nó diúltach? Is é sin, an bhfuil an graf ag méadú nó ag laghdú? Mínigh.
- 
- f. Roghnaigh dhá phointe ar an ngraf agus faigh fána na líne a cheanglóidh an dá phointe sin. Déan an rud céanna i gcás péire eile pointí.
- 
- g. Cén bhaint atá ag fána na líne idir péire ar bith pointí leis an scéal faoin muicín i dtús an cheachta?
-

- h. Cá háit ar an ngraf a bhfuil an tsuim thosaigh le feiceáil? Mínigh do fhreagra.

---




---

2.

- a. Bhí €25 ina mhucín ag Peadar lá áirithe agus chaith sé €3 den airgead sin gach lá ina dhiaidh sin. Comhlánaigh an tábla thíos.

Lá	An méid airgid sa Mhucín
0	25
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	

- b. Léirigh an fhaisnéis ón tábla in **a** ar an ngraf thíos. Is é lá 0 tús na míosa.



- c. Mura bhfuil foinse eile ioncaim ag Peadar, céard a tharlóidh i ndiaidh lá 9?

---




---

- d. Cén fáth a bhfuil poncanna níos feiliúnaí ná líne leanúnach chun na sonraí a léiriú ar an ngraf seo?
- 
- e. An ráta athraithe deimhneach nó diúltach atá ag an ngraf seo? Is é sin, an ag méadú nó ag laghdú atá an graf? Mínigh do fhreagra.
- 
- f. Roghnaigh dhá phointe ar an léaráid agus faigh fána na líne a rachadh tríd an dá phointe sin. Déan an rud céanna i gcás péire eile pointí.
- 
- g. Cén bhaint atá ag fána na líne idir aon dá phointe leis an scéal faoin muicín i gcuid a den cheist seo?
- 
- h. Cá háit ar an ngraf a bhfuil an tsuim thosaigh á léiriú? Mínigh do fhreagra.
- 


3. Más léiriú ar airgead i muicín atá sa léaráid thíos:

- a. Cé mhéad a bhí ag an dalta i dtús na míosa, is é sin, ar lá 0? Mínigh.
- 


- b. Cé mhéad a chaith an dalta sin gach lá? Mínigh do fhreagra.
- 



4. Má sheasann an graf thíos don airgead atá ag dalta eile ina mhucín, céard atá ag tarlú maidir leis an airgead sin ó chéad lá na míosa?



5. Más patrún caiteachais dalta eile fós atá á léiriú sa ghráf thíos, an mbeifeá in ann a rá céard atá ag tarlú don airgead i mucín an dalta sin? Mínigh do fhreagra..



6. Céard a tharla, meas tú, d'airgead an dalta seo ar lá 4 agus lá 9?

